



Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Buaigh duaiseanna iontacha suas go luach **€750** ar son do scoile!*

Bronnfar duaiseanna ar:

- * 1 Bhuaitoir Sóisearach an Contae
- * 1 Bhuaitoir Sinsearach an Contae
- * 1 Bhuaitoir Iomlán Náisiúnta

Téigh chuig ár suíomh gréasáin

www.SomeoneLikeMeCompetition.ie

le haghaidh tuilleadh eolais agus le teacht ar na hacmhainní a bhaineann lenár gceachtanna foghlama

SPRIOCdhÁTA
LE HAGHAIDH
IONTRÁLACHA

19
Deireadh Fómhair
2018

NDA

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

*Rachaidh buaitoirí chuig searmánas bronnta duaiseanna i Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath i mí na Nollaig i mbliana.

Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sóisearach

Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó

Réamhrá:

Cluiche cuimhne

I bpéirí, iarr ar dhaltá le féachaint go cúramach ar a chéile ar feadh 30 soicind, agus ag tabhairt na gcosúlachtaí agus na difríochtaí faoi deara. Ansin lena súile dúnta, iarr ar pháirtithe le roinnt leis an rang rud amháin is cuimhin leo atá cosúil/difriúil faoina bpáirtí.

Lámha Suas!

Glaigh amach rudaí éagsúla faoin gcuma atá ar dhaoine, mar shampla, tá gruaig fhada orm; tá mé ard; tá spéaclaí orm; tá maide croise agam. Seasann daltaí má tá an chuma ort a glaodh amach. Iarr ar na daltaí na difríochtaí atá eatarthu a thabhairt faoi deara agus plé a dhéanamh orthu.

Forbairt:

- * Tarraing meabhairmhapa 'míchumas' ar an gclár agus tú ag plé leis na daltaí cen t-eolas/ tuiscint atá acu ar mhíchumas, mar shampla, míchumas fisiciúil; míchumas céadfach, bodhaire nó daille mar shampla; agus an míchumas a thagann ar dhaoine agus iad ag éirí níos sine, mar shampla úsáid áiseanna éisteachta agus siúládan*
- * Plé i ngrúpaí – tabhair leathanach do gach grúpa. Beidh dhá cholún air; Baúil/ Néamhbhaúil. Iarr ar na grúpaí conas is féidir linn caitheamh le daoine eile i slí bhaúil/ neamhbhaúil. Pléigh.
- * Déan 'Conradh Ranga le haghaidh Caitheamh le Daoine eile ar Shlí Bhaúil'.

Seisiún Iomlán:

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag cruthú píosa ealaíne anois dar teideal '**Duine Cosúil Liomsa**' agus go mbeidh sé bunaithe ar an méid atá foghlamtha acu. Is féidir leo a shocrú más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú.

Nuair a bheidh an obair déanta acu tabhair roinnt ama do na daltaí le féachaint ar shaothair a chéile agus le haiseolas dearfach a thabhairt orthu.

Le Cur Isteach ar an gComórtas:

Cuir d'iontráil in éineacht leis na sonraí thíos ar chúl d'iontrála nó ceangailte leis:

1. Ainm na Scoile / 2. Uimhir Rolla na Scoile / 3. Seoladh na Scoile / 4. Ainm an Mhúinteora / 5. Leibhéal an Ranga / 6. Ainm an dalta / 7. Cur síos gairid ag míniú na smaointe agus na rudaí a spreag an dalta/ na daltaí chun an píosa a dhéanamh (Líon na bhfocal sa leagan sóisearach: suas go 100 focal).

Le haghaidh píosaí níos mó/3T is féidir leat grianghraif a ghlacadh agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.

Aidhmeanna:

- * Aithneoidh na daltaí, agus beidh meas acu, ar chosúlachtaí agus difríochtaí i ndaoine
- * Forbróidh na daltaí tuiscint ar mhíchumas
- * Forbróidh na daltaí tuiscint chomhpháirteach ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile i slí bháúil thuisceanach, agus ar conas ba chóir dúinn daoine eile a tharraingt isteach inár gcuid gníomhaíochtaí agus spraoi
- * Freagróidh siad go healaíonta don téama '**Duine Cosúil Liomsa**'
- * Spreagfaidh sé daltaí le labhairt faoin gcuid oibre féin agus faoi obair daltaí eile

Naisc Curaclaim:

- * **OSPS** – Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór
- * **Na hAmharcealaíona** – Aonaid gach snáithe

Roghnach: Tá bileog ghníomhaíochta ar fáil ar líne ó www.someonelikemecompetition.ie

* Le haghaidh daltaí i Rang a hAon agus a Dó, is féidir leat a mhíniú go mbíonn míchumas ar dhaoine uaireanta ón lá a rugadh iad, agus uaireanta gur drochthinneas nó drochtimpiste is cúis leis an míchumas



Is féidir leat an teachtaireacht '**Duine Cosúil Liomsa**' a léiriú i dtaispeántas scoile, i dtaispeántas ealaíne nó ar shuíomh gréasáin do scoile.

Cuimhnigh

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint a frabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin measctha a úsáid.

